# Scéim Tithíochta

Eochairfhocail: cíos, coinníoll, tithe, iarratas, rialtas, scéim, comharchumann

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cad is ainm don eagraíocht atá ag tógáil tithe i mBaile an Fheirtéaraigh?
2. Cén saghas cíosa a bheidh á lorg do na tithe seo?
3. Cad iad an dá choinníoll a bheidh ag baint leis na tithe seo?
4. Cé mhéad iarratas atá istigh ar na tithe cheana féin?
5. Cad as do chuid mhaith de na daoine atá ag obair ar an tionscnamh seo?
6. Céard é an rud nach bhfuil faighte ag an gcomharchumann go fóill?
7. Cén fhad a bhí Breanndán Ó Beaglaoich ag fanacht ar chead pleanála?
8. Céard é an rud is mó a theastaíonn, dar le Breanndán, chun go réiteofar fadhb na tithíochta sa Ghaeltacht?
9. Cathain a cheaptar a bheidh na tithe seo i mBaile an Fheirtéaraigh tógtha?
10. An gceapann tú go bhfuil géarchéim againn ó thaobh na tithíochta de sa tír seo? Cén fáth?




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Scéim Tithíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Aimsigh na deich mbotún

Níl aon amhras faoi ach go bhfuil gearchéim againn in Éirinn le tamall de bhlianta anuas ó thaobh na tithíochta de. Deirtear go bhfuil cúpla cúiseanna éagsúil ag baint leis an ngéarchéim seo. Ar dtús, chlis ar gheilleagar na tír sna blianta dhá mhíle is a hocht agus dhá mhíle is a naoi. Tháinig deireadh tobann roimh an Tíogar Ceilteach i rith na mblianta sin. Chuaigh an-chuid ceardaithe ar imirce agus níl cuid mhaith díobh fillte ó shin. Tá easpa mór ceardaithe ann, gan dabht, agus sin iad na daoine a bhfuil na scileanna acu tithe a thógáil. Anuas ar sin, tá ardú sách mór tagtha ar dhaonra na tíre le hos cionn deich mbliana anuas agus tá ardú tagtha ar an t-éileamh atá ann do thithe agus d’árasáin dá bharr. Deirtear nach cabhraíonn an córas pleanála atá againn sa tír seo ach an oiread leis an bhfadhb a réiteach. Deir na saineolaí go bhfuil an córas rófhadálach agus rómall agus go gcuireann an mhoilleadóireacht seo go mór le géarchéim na tithíochta sa tír seo.

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Iarrann do mhúinteoir ort cuntas gearr a scríobh faoi ghéarchéim na tithíochta i do chontae féin. Déan taighde ar an ábhar seo ar líne agus aimsigh na fáthanna is cúis leis an bhfadhb agus fiosraigh na hiarrachtaí atá ar bun chun an fhadhb a réiteach. Is leor 200 focal sa chuntas.

# Scéim Tithíochta

Freagraí:

1. An Eagraíocht Forbartha Pobal Áitiúil
2. Cíos níos ísle ná meánchíos an mhargaidh
3. Gaeilge líofa a bheith ag na daoine agus go mbeidís sásta scoláirí samhraidh a thógáil isteach
4. Deich gcinn
5. Is an gceantar áitiúil dóibh
6. Tacaíocht stáit
7. 15 bliana
8. Toil an Rialtais
9. Mí Lúnasa na bliana seo chugainn
10. An gceapann tú go bhfuil géarchéim againn ó thaobh na tithíochta de sa tír seo? Cén fáth?

Níl aon amhras faoi ach go bhfuil (1) géarchéim againn in Éirinn le tamall de bhlianta anuas ó thaobh na tithíochta de. Deirtear go bhfuil cúpla (2) cúis éagsúil ag baint leis an ngéarchéim seo. Ar dtús, chlis ar gheilleagar na (3) tíre sna blianta dhá mhíle is a hocht agus dhá mhíle is a naoi. Tháinig deireadh tobann (4) leis an Tíogar Ceilteach i rith na mblianta sin. Chuaigh an-chuid ceardaithe ar imirce agus níl cuid mhaith díobh fillte ó shin. Tá easpa (5) mhór ceardaithe ann, gan dabht, agus sin iad na daoine a bhfuil na scileanna acu tithe a thógáil. Anuas (6) air sin, tá ardú sách mór tagtha ar dhaonra na tíre le hos cionn deich mbliana anuas agus tá ardú tagtha ar an (7) éileamh atá ann do thithe agus d'árasáin dá bharr. Deirtear nach (8) gcabhraíonn an córas pleanála atá againn sa tír seo ach an oiread leis an bhfadhb a réiteach. Deir na (9) saineolaithe go bhfuil an córas rófhadálach agus (10) rómhall agus go gcuireann an mhoilleadóireacht seo go mór le géarchéim na tithíochta sa tír seo.